C/2026/4203

27.7.2026

Fógra le haghaidh na ndaoine a bhfuil feidhm ag na bearta maidir leo, ar bearta iad dá bhforáiltear i gCinneadh 2011/235/CBES ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2026/1850 ón gComhairle agus i Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1851 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin

(C/2026/4203)

Dírítear aird na ndaoine atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/235/CBES ón gComhairle ([1]), arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2026/1850 ón gComhairle ([2]), agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 ón gComhairle ([3]), arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1851 ón gComhairle ([4]) a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin, ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Tá Comhairle an Aontais Eorpaigh tar éis a chinneadh gur cheart na daoine sin a áireamh ar liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2011/235/CBES agus i Rialachán (AE) Uimh. 359/2011.

Cuirtear in iúl do na daoine lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ábhartha nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear ar na suíomhanna gréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 359/2011, chun údarú a fháil le cistí reoite a úsáid chun freastal ar riachtanais bhunúsacha nó chun íocaíochtaí sonracha a dhéanamh (cf. Airteagal 4 den Rialachán).

Féadfaidh na daoine lena mbaineann iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh iad a áireamh ar an liosta thuasluaite, mar aon le doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle roimh **an 1 Eanáir 2027**, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi 175
1048 Brussels
BELGIUM
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Cuirtear in iúl do na daoine lena mbaineann freisin gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 275, an dara mír, agus in Airteagal 263, an ceathrú agus an séú mír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 100, 14.4.2011, lch. 51.
([2]) IO L, 2026/1850, 24.7.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2026/1850/oj.
([3]) IO L 100, 14.4.2011, lch. 1.
([4]) IO L, 2026/1851, 24.7.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/1851/oj.